



Uimhir Láirionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education
2014

Eolaíocht Teastas Dúbailte: Fisic

Aonad P2

Bonnsraith

[GSD61]



DÉARDAOIN 12 MEITHEAMH 2014, MAIDIN

AM

1 uair 15 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Láirionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	


EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist. Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 4(c)(ii).

Marc iomlán	
-------------	--

- 1 An léaráid seo a leanas (nach bhfuil de réir scála), taispeánann sí tonnta uisce ag taisteal trí uisce domhain.



Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="text"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="text"/>

- (a) (i) Úsáid an léaráid le tonnfhad na dtonn in uisce domhain a fháil.
Cuimhnigh nach bhfuil an léaráid de réir scála.

$$\text{Tonnfhad} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ cm} \quad [1]$$

- (ii) Déantar 10 dtonn gach 5 shoicind. Cad é minicíocht na dtonn?
Cuimhnigh an t-aonad ceart a chur isteach.

$$\text{Minicíocht} = \underline{\hspace{2cm}} \quad [2]$$

- (iii) Bain úsáid as do fhreagraí ar chodanna (a)(i) agus (a)(ii) le luas na dtonn in uisce domhain a ríomh ina cm/s.
Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Luas} = \underline{\hspace{2cm}} \text{ cm/s} \quad [3]$$

(b) Taispeántar treo na dtónn in uisce domhain agus in uisce éadomhain.

- (i) Tarraing dhá thonnbhráid san uisce éadomhain. [3]
- (ii) Cad é a tharlaíonn, má tharlaíonn aon rud, do luas agus do mhinicíocht na dtónn de réir mar a théann siad isteach in uisce éadomhain?

Luas _____

Mhinicíocht _____ [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 2 Tá minicíochtaí ag tonnta ultrafhuaimé atá ró-ard leis an chluas dhaonna iad a bhrath.

(a) Cén cineál tonn iad tonnta fuaimé agus tonnta ultrafhuaimé?

_____ [1]


Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

(b) Cuir síos ar fheidhm mhíochaine le tonnta ultrafhuaimé.

_____ [2]

Baintear úsáid as tonnta ultrafhuaimé le doimhneacht na farraige a thomhas.



Is é 1500 m/s luas na dtónn ultrafhuaimé san uisce. Cuireann an long amach bíog ultrafhuaimé agus braitear an frithchaitheamh ó ghrinneall na farraige 0.8 s i ndiaidh di a bheith traschurtha ón long.

(c) Ríomh doimhneacht na farraige.

Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.


Doimhneacht na farraige = _____ m [4]

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)


- 3 Cuirtear litir L os comhair scáthán mar a thaispeántar thíos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="text"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="text"/>



- (a) Bain úsáid as an eangach le híomhá litir L a tharraingt sa scáthán. [2]

Déantar dhá scáthán a shocrú ag 90° mar a thaispeántar thíos. Tá ga solais ionsaitheach ar scáthán A.



- (b) (i) Tarraing normal san áit a mbuaileann an ga ionsaitheach scáthán A.
Lipéadaigh é N. [1]

- (ii) Cad é an uillinn ionsaithe ag scáthán A?

$$\text{Uillinn ionsaithe} = \underline{\hspace{2cm}} \quad [1]$$

- (iii) Lean leis an gha le frithchaiteamh ag scáthán B a thaispeáint. [2]


- (iv) Ríomh an uillinn frithchaithimh ag scáthán B.

$$\text{Uillinn frithchaithimh} = \underline{\hspace{2cm}} \quad [2]$$

(c) Téann solas infheicthe isteach i bpriosma gloine.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



Scoiltear an solas infheicthe ina dhathanna difriúla.

(i) Ainmnigh an próiseas seo.

_____ [1]

(ii) Ag tosú le dearg, liostaigh na dathanna, in ord, a d'fheicfeá ar an scáileán.

Dearg _____

_____ [1]

(iii) Is ball é solas infheicthe den speictream leictreamaighnéadach. Ainmnigh ball a bhfuil tonnfhad níos giorra aige agus ball a bhfuil tonnfhad níos faide aige ná solas infheicthe.

1. Tonnfhad níos giorra ná solas infheicthe _____

2. Tonnfhad níos faide ná solas infheicthe _____ [2]


4 Is seoltóirí leictreacha iad roinnt solad agus is inslitheoirí iad cinn eile.

- (a) Mínigh an difríocht idir seoltóirí leictreacha agus inslitheoirí leictreacha.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin


Marcanna Athmharc



- (b) Téann lucht 15C trí fhriotóir in am 50s .
Cá mhéad srutha a shreabhann tríd an fhriotóir?
Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

Sruth = _____ A [3]

- (c) Cuireann Jenny ciorcad i dtreoir le friotaíocht sreang mhiotail a thomhas.



- (i) Comhlánaigh léaráid an chiorcaid a chuirfeadh Jenny i dtreoir le friotaíocht na sreinge miotail a fháil. [3]

- (ii) Cuir síos ar an turgnamh a dhéanfadh Jenny le himscrúdú a dhéanamh ar an dóigh a mbeadh friotaíocht sreinge ag brath ar a fad. Ba chóir go mbeadh na rudaí seo a leanas sa chur síos:

- na tomhais atá le glacadh,
 - na ríomhanna atá le déanamh,
 - an tátal.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc


Sa chuid seo den cheist measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíochta.

|6

[6]

5 Ceanglaítear cadhnra 4V de dhá friotóir chothroma i dtreoccheangal.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="text"/>	<input type="text"/>



(a) (i) Cad é an léamh ar voltmhéadar V_1 ?

$$\text{Voltmhéadar } V_1 = \text{_____ V} [1]$$

(ii) Cad é an léamh ar voltmhéadar V_2 ?

$$\text{Voltmhéadar } V_2 = \text{_____ V} [1]$$

Soláthraíonn an cadhnra sruth ionlán I a scoilteann ina shruthanna I_1 agus I_2 mar a thaispeántar thusa.

Is é 0.4A sruth I_1

(iii) Cad é sruth I_2 ?

$$\text{Sruth } I_2 = \text{_____ A} [1]$$

(iv) Cad é sruth I ?


$$\text{Sruth } I = \text{_____ A} [1]$$

(v) Is é 10Ω friotaíocht gach friotóra. Ríomh a gcomhfriotaíocht.
Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.

$$\text{Comhfriotaíocht} = \text{_____ } \Omega [2]$$

- (b) (i)** An léaráid seo, taispeánann sí plcocíd leictreach trí phionna. Sna boscaí, lipéadaigh na pionna beo, neodrach nó talmhú.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



[3]

- (ii)** Luaigh dath na sreinge beo.

Dath: _____ [1]

- (iii)** Tá sreanga ceangailte de na trí phionna. Cé acu sreang a chosnaíonn an t-úsáideoir ar thurraing leictreach?

An tsreang _____ [1]

- (iv)** Tá an phlocíd ceangailte de chiteal agus sreabhann sruth de 6.0A tríd an tsreang bheo. Cén sruth a shreabhann sa tsreang thalmhaithe?


Sruth = _____ A [1]

6 (i) Cad é a chiallaíonn an téarma “sruth díreach,” dar leat?

_____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc



(ii) Luaigh foinse de shruth díreach.

_____ [1]


(iii) Cad é a chiallaíonn an téarma “sruth ailtéarnach,” dar leat?

_____ [2]


(iv) Luaigh foinse de shruth ailtéarnach.

_____ [1]


Tá ceithre rian, A, B, C agus D ar taispeáint agus seasann an líne poncanna do voltas nialais.




A



B



C



D

(v) 1. Cé acu rian (nó rianta) a léiríonn SA (a.c.)?

Rian (Rianta): _____

2. Cé acu rian (nó rianta) a léiríonn SD (d.c.)?

Rian (Rianta): _____ [3]

(vi) Cén gléas a d’úsáidfeá leis na rianta thusa a thaispeáint?


_____ [1]

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

- 7 Is é struchtúr an Domhain is ábhar do na ceisteanna thíos.
Léiríonn an léaráid trasghearradh (nach bhfuil de réir scála) tríd an Domhan.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>
<input type="radio"/>	<input type="radio"/>



(a) Rinneadh an maintlín a lipéadú duit. Lipéadaigh na scaireanna 1, 2 agus 3. [3]

(b) Ainmnigh dhá dhúil thábhachtacha a fhaightear faoin mhaintlín.

1. _____

2. _____ [2]

Is é an litisféar an scair den Domhan atá deighilte ina plátaí, ar a dtugtar plátaí teicteonacha.

- (c) (i) Cad é a chiallaíonn an téarma “litisféar,” dar leat?

 [2]

- (ii) Cad é a chuireann ar a gcumas do na plátaí teicteonacha gluaiseacht?

 [1]

- (iii) Ainmnigh dhá phróiseas mórscaíla a tharlaíonn mar gheall ar ghlúaiseacht na bplátaí a bhfuil an litisféar déanta astu.


 agus

 [2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 8 Scaoiltear grán iompair ag dromchla leachta atá i sorcóir ard gloine.


Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



Déantar a threoluas a thomhas gach soicind de réir mar a thiteann sé tríd an leacht agus taifeadtar na torthai sa tábla.

Am ina s	0	1	2	3	4	5	6	7
Treoluas ina cm/s	0	0.2	0.4	0.6	0.8	1.0	1.0	1.0

- (a) Ar an ghráf thíos roghnaigh agus lipéadaigh scála fóirsteanach ar an ais cheartingearach.
Breac pointí treoluais in aghaidh ama. [4]



		[2]
		Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna	Athmharc	
(b) Tarraing an graf.		
(c) (i) Thar cén eatramh ama a bhfuil comhréir dhíreach idir an dá chainníocht?	[1]	
(ii) Mínigh an fáth le do rogha.		[2]
(iii) Faigh grádán an ghraif le linn an chéad cheithre shoicind agus luaigh a aonad.		
Moltar duit do chuid oibre a thaispeáint.		
Grádán = _____		
Aonad = _____ [3]		

- 9 Is féidir satailít, atá suite sa spás, a úsáid le comhartha micreathoinne a chur ó chuid amháin den Domhan chuig an chuid eile mar a thaispeántar sa léaráid.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc
<input type="text"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="text"/>



- (a) Cé acu dhá airí de mhicreathonnta a ligean don chomhartha taistéal ón tarchuradóir go dtí an tsatailít?

[2]

- (b) Luaih dhá úsáid a bhaintear as sataillí saorga, seachas an chumarsáid.

1. _____

2. _____

[2]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.